| Ríomheolaíocht | **Meitheal Forbartha – Cruinniú 7, an 25 Márta 2025**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Forbhreathnú ar an tsonraíocht nuashonraithe** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú ar fáil ar na nuashonruithe a rinneadh ar an tsonraíocht ag an gcruinniú roimhe sin, lena n-áirítear an Tionscadal Obair Chúrsa (Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis) agus an treoir, JavaScript in TFF1 chomh maith le hionchuimsiú cibearshlándála agus sifear. |
| **Plé idir an mheitheal iomlán ar nuashonruithe** | Chuir an mheitheal fáilte roimh an eagarthóireacht ar an iomlán, amhail an píosa measúnaithe agus an tagairt dhíreach de shifir agus de chriptiú RSA. Cinneadh go bhféadfadh sonrú JavaScript béim an TFF a chlaonadh ón mbéim ar dhearadh i dtreo bhéim ar scriptiú. Mar sin, cé gur féidir leis an scoláire úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí chun cur lena shuíomh gréasáin, níor chóir JS a leagan amach sa TFF ná sa mheasúnú ar theangacha ríomhchlárúcháin. Pléadh moltaí d'achtú rathúil amhail seomraí Ríomheolaíochta, liostaí acmhainní do scoileanna, agus maoiniú ón Roinn Oideachais. |
| **TFFanna agus CMB** | Léiríodh an tábhacht atá ag baint le ról FGL ó thaobh lárnacht agus naisc fhéideartha na TFFanna a chur in iúl i leith an ábhair. Agus go bhfuil na TFFanna lárnach don chúrsa, tascanna foghlama agus nach trialacha do mheasúnú iad. D'fhéadfadh an treoir a bheith níos oscailte agus mura ndéanfaí na TFFanna a lua roimh ré, d'fhéadfaí rogha agus neamhspleáchas an scoláire a chur chun cinn. Glactar leis an bpunann dhigiteach agus le léaráid forbhreathnaithe nua mar ghnéithe thábhachtacha. |
| **Comhleanúnachas agus inbhainistitheacht** | Ghlac an mheitheal páirt i ngníomhaíocht rothlach le machnamh a dhéanamh ar chomhleanúnachas agus inbhainistitheacht an dréachta nuashonraithe: roinnt eagarthóireachta d'úsáid sheasmhach téarmaí agus stíle, léaráid nua don phróiseas dearaidh agus forbartha agus plé maidir le huainiú an CMB agus solúbthacht fhéideartha. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirteachas gníomhach sa chruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ar na dréachtábhair don chéad chruinniú eile. Beidh an chéad chruinniú eile ar líne dírithe ar phlé maidir leis an dréachtsonraíocht a chur ar aghaidh do chomhairliúchán níos luaithe.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** An 8 Bealtaine 2025, ó 10-12. |